

gaelscoil na gcloch liath



Gaelscoil na gCloch Liath
Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin

Uimhir Rolla 20301C

Leabhrán Eolais do Thuismitheoirí nua



Partnership

I dreamed I stood in a studio
And watched two sculptors there,
The clay they used was a young child's mind
And they fashioned it with care.
One was a teacher; the tools he used
Were books and music and art.
One was a parent with a guiding hand
And a gentle loving heart.

Day after day the teacher toiled
With touch that was deft and sure,
While the parent laboured by his side
And polished it and smoothed it over.
And when at last their task was done
They were proud of what they had wrought
For the things they had mould into the child
Could nether be sold or bought.

And each agreed he would have failed
If he had worked alone, for, behind the parent,
Stood the school
And, behind the teacher, the home.



gaelscoil na gCloch Liath

Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Facs: (01) 2010717
R-Phost: oifig@gscl.ie

A Thuismitheoirí/Chaomhnóirí,

Cuirim fáilte ó chroí roimh do theaghlach cuig Gaelscoil na gCloch Liath. Tá súil agam go mbainfidh do pháiste taitneamh is tairbhe as an am a chaithfidh sibh linn. Mar phobal scoile, oibríonn muid as lámha a chéile chun eispéaras foghlama ar ard-chaighdeán a chur ar fáil dár ndaltaí uile.

I would like to welcome you and your family to Gaelscoil na gCloch Liath. I hope that your child both enjoys and benefits from your time with us. As a school community we strive to work together to create a high quality learning experience for all our pupils. Our staff will endeavour to celebrate the life of each child in our care, encouraging healthy relationships with their peers, and promoting an inquisitive mind and an interest in learning.

Socróidh do pháiste isteach in atmasféar sona, slán is páiste-lárnach gan stró. Cothaíonn an t-atmasféar seo, as a bhfuil muid bródúil, fás, forbairt agus foghlaim na bpáistí trí mheán na Gaeilge. Iarraimid oraibh a bheith páirteach i saol foghlama do pháiste, agus in imeachtaí scoile i rith na bliana. Fáiltíonn muid roimh bhur gcuid tacaíochta is ionchur chun eispéaras foghlama saibhir a chur ar fáil do gach dalta.

Your child will settle into the happy, safe and child-centred environment with ease. This atmosphere, of which we are very proud, promotes the child's growth, development and learning through Irish. We encourage you to become involved in your child's learning, and to participate in school events throughout the year, whenever possible. We welcome your help and contributions in creating a rich learning environment for everyone.

Táimid ag súil go mór le haithne a chur ar bhur bpáiste, is oraibhse mar theaghlach sa scoilbhliain atá romhainn, agus táimid ag súil fosta le bheith ag comhoibriú libh sna blianta atá amach romhainn. Má bhíonn aon cheisteanna agaibh, dean teagmháil linn.

We look forward to getting to know your child and your family in the coming school year, and working in cooperation with you in the years ahead. If you have any questions at all, please contact us.

Is mise le meas,

Rita Ní Thuathail

Rita Ní Thuathail

Príomhoide

Fáilte

Fáilte go Gaelscoil na gCloch Liath. Is bunscoil lán-Ghaeilge, id-irchreidmheach, comhoideachas í Gaelscoil na gCloch Liath a bunaíodh sa bhliain 2008 faoin bhForas Pátrúnachta. Is scoil thumoideachais muid anseo; úsáideann muid Gaeilge amháin leis na daltaí i Naíonáin Bheaga, agus is sa dara téarma i Naíonáin Mhóra a thosaíonn muid le ceachtanna Béarla.

Welcome to Gaelscoil na gCloch Liath. We are a co-educational inter-denominational gaelscoil. We were established in the year 2008 under the patronage of the Foras Pátrúnachta. We are a total immersion school; we use only Irish with the children in Junior Infants, and it is in Senior Infants, Term 2, that we begin formal English lessons.



Sainmheon na Scoile / School Ethos

Is iad príomhaidhmeanna na scoile, trí ghníomhaíochtaí na foirne scoile, an Bhoird Bhainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí:

The aims of the school, through the activities of the staff, Board of Management and Parents' Association, are:

- Oideachas d'ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge dá ndaltaí.
To provide for all children a high standard of education through Irish.
- Tuiscint agus comhionannas a fhorbairt i dtaobh na Críostaíochta de.
To develop understanding and a sense of equality between all Christian faiths.
- Cumas an pháiste aonair a fhorbairt sa churaclam cuimsitheach a mhúintear.
To develop the child's individual ability through the revised curriculum that is taught.
- Saoithiúlacht Ghaelach a chothú sa scoil chun cur ar chumas na ndaltaí meas agus tuiscint a bheith acu ar a bhféiniúlacht chultúrtha féin & ar fhéiniúlacht chultúrtha dhreamanna eile.
To create an appreciation of all things Irish in the school in order that the children can develop an understanding and respect for their own cultural identity and the cultural identity of others.
- Go mbeidh pobal na scoile rannpháirteach i dtimpeallacht shona, shlán a chruthú, ina bhfuil na páistí in ann saoirse ar bhonn na córa agus an mhuintearais a chothú.
That all members of the school community will strive to create a safe and happy environment in which the children can develop their sense of justice and belonging.

Teagasc Chríostaí sa Scoil / Religion at School

Is bynscoil idirchreidmheach í Gaelscoil na gCloch Liath. Bíonn an reiligiún Caitliceach agus Eaglais na hÉireann á múineadh againn le linn am scoile; leantar cláracha Beo go Deo agus Lean Mé. Glacann gach dalta páirt sna ceachtanna. Réitítear na páistí do na sacraimintí le linn am scoile.

Gaelscoil na gCloch Liath is an inter-denominational primary school. Both Roman Catholic and Church of Ireland faiths are taught during school time; we follow Alive O and Follow Me. All children participate in the religion lessons. Children are prepared for the sacraments during school hours.

Foireann na scoile



Príomhoide

Rita Ní Thuathail

PríomhoideTánaisteach

Tuala Ní Ógáin

Louise Ní Bhrannagáin

Darragh Ó Conaill

Kerry Ní Mhurchú

Fiona Nic Conmara

Emma Nic Fheorais

Marian Ní Áinle

Niamh Ní Lafain

Sami de Lása

Úna Lawlor

Faye Ní Mhuireagáin

Clíona Bermingham

Kate Ní Ící

Katie Ní Nuadháin

Maryellen Ní Fhlatharta

Eilís Ní Riain

Sinéad Nic Gearailt

Tríona Bairéad

Breandán Ó hAilpín

Jennifer Ní Chaoilte

Cúntóir Riachtanais Speisialta Carmel Uí Dhuibhne, Gearóid Mac an Tiarnaigh

Rúnaí Scoile

Lisa de Róiste

Glantóirí Scoile

Susan Gray, Francesca Berry, Claire Moorehouse

Feighlí Scoile

Mícheál Ó Mórdha

Déan teagmháil linn; How to contact us;

Oifig na scoile

01-2010718 oifig@gscl.ie www.gscl.ie

Bord Bainistíochta

bb@gscl.ie

Coiste na dTuismitheoirí

coiste.gscl@gmail.com



Aip Scoile/The School App; DatBiz Eolas

Tá aip scoile in úsáid ag an scoil chun cumarsáid a dhéanamh lenár dtuismitheoirí. Póstarfaidh an scoil nuacht agus uasdátaithe, uile-scoile agus do rang do pháiste, ar an aip ar bhonn rialta. Is féidir le tuismitheoirí an aip a íoslódáil ar an bhfón.

Mar thuismitheoirí, tríd an aip, is féidir libh:

- teachtaireachtaí scoile a fháil
- doiciméid a fháil ón scoil i bhformáid leictreonach
- tinreamh do pháiste a fheiscint, agus míniú a thabhairt nuair atá do pháiste asláthair
- tuairiscí scoile agus scóranna caighdeánaithe do pháiste a fheiscint
- billí scoile a fheiscint agus a íoc
- cuinniú tuismitheoir-múinteoir a chur in áirithe
- cead a thabhairt, nó gan cead a thabhairt, dod' pháiste a bheith páirteach in imeachtaí is turaí scoile faoi leith.

The school uses a School App, DataBiz Eolas, to maintain communication with our parents. The school will post regular news and updates relating to the whole-school, and to your child's class through the app. Parents can download the app to your phone, both I-phone and Android.

As parents, through this app, you can:

- receive messages from the school
- receive documents in electronic format from the school
- access your child's attendance record, and inform the school of the reasons for absences
- view your child's school reports and standardised scores
- view and pay any school bills
- book a parent-teacher meeting
- grant or withhold permission for your child to participate in certain school activities or tours.

Amchlár na Scoile

Naíonáin Bheaga & Mhóra	8.30 r.n. – 1.10 i.n.
Ranganna 1–6	8.30 r.n. – 2.10 i.n.
Am Sosa	10.30 r.n. – 10.40 r.n.
Am Lóin	12.00 i.n. – 12.30 i.n.



Críochnaíonn **Naíonáin Bheaga** ar a 11.00 sa chéad sheachtain agus ar a 12.00 sa dara sheachtain.

Críochnaíonn **Rang a hAon** ar 1.10 don chéad choicís.

Tá an clós roinnte againn do na ranganna éagsúla; Clós na Naíonáin, Clós R1-2, Clós R3-4, agus Clós R5-6.

Junior Infants finish at 11:00am for the first week of school, and at 12:00 for the second week. **Rang 1** finish at 1:10 for the first fortnight.

The playgrounds are divided for the different class groups as follows; Infants, R1-2, R3-4, and R5-6.

An Ghaeilge

Cuirtear oideachas d'ardchaighdeán ar fáil dár ndaltaí trí mheán na Gaeilge. Tá muid an-bhródúil as an atmaisféar gaelach atá cruthaithe sa scoil go dtí seo. Is í an Ghaeilge gnáth-theanga cumarsáide na scoile;

We provide a high standard of education for our pupils through Irish. We are very proud of the gaelic atmosphere we have created here in the school. Irish is the everyday working language of Gaelscoil na gCloch Liath;

- idir na múinteoirí agus na páistí *between the teachers and the children*
- idir foireann na scoile uilig *between staff members*
- idir na páistí iad féin *between the children themselves*
- idir foireann na scoile agus tuismitheoirí/cuairteoirí (nuair atá na páistí i láthair).
between school staff and parents/visitors (when children are present)
- ag aon ócáid scoile (turais scoile/laethanta spóirt, srl)
at school events (school trips/sports days, etc.).



Cuirtear an córas tumoideachais i bhfeidhm sa scoil seo. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na páistí tumtha sa Ghaeilge óna gcéad lá ar scoil. Ní mhúintear Béarla ar chor ar bith go dtí go bhfuil na páistí i dtéarma 2 i Naíonáin Mhóra. Seo an cleachtas a leantar sna gaelscoileanna atá faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta.

We introduce the children to Irish through total immersion. This means that the children are immersed in the language from their very first day with us. English is not taught until the children are in term 2 of Senior Infants. This immersion education is the standard practice in gaelscoileanna under the patronage of the Foras Pátrúnachta.

Cuirtear an Ghaeilge ar aghaidh trasna an churaclaim ar fad chun cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

Irish is promoted and taught right across the curriculum subjects to foster fluency, accuracy and a rich vocabulary among the children.

Is trí mhealladh agus moladh is fearr a chuirtear an teanga chun cinn sa scoil. Spreagtar na páistí chun an méid Gaeilge atá acu a úsáid eatarthu féin ar scoil agus leis an teaghlach/le gaolta sa bhaile.

Aithnítear iarrachtaí agus dul chun cinn na bpáistí trí mholadh, cuairt chuig rang eile/an príomhoide, duaiseanna agus teastais.

It is through praise that we promote the Irish in Gaelscoil na gCloch Liath. The children

are encouraged to use whatever words they can initially among themselves, with their parents, and with their wider family at home. The efforts of the children are recognised through praise, certificates, and prizes.

Úsáidtear sloinne Gaeilge na bpáistí i nGaelsoil na gCloch Liath agus molfaimid go tréan go n-úsáidfeadh gach dalta a (h)ainm baiste as Gaeilge fosta, más ann é.

At Gaelscoil na gCloch Liath we use the Irish version of the childrens' surnames. We also strongly encourage you to use the Irish version of their Christian names, where possible.

Múineadh an Bhéarla

Ní mhúintear agus ní úsáidtear aon Bhéarla go dtí téarma 2 sa rang Naíonáin Sinsireacha. Cé go múintear na ceachtanna trí mheán an Bhéarla, leanfar le Gaeilge mar ghnáth-theanga cumarsáide idir na páistí agus na múinteoirí ó thaobh bainistiú sa seomra ranga, cead nó cabhair a lorg/a thabhairt. Mar sin, aon rud nach mbaineann go díreach leis an gceacht Béarla, déanfar í trí Ghaeilge.

English is neither used nor taught until term 2 in Senior Infants. The English lessons are taught through the medium of English, but Irish remains the main classroom language outside of these lessons, between the teacher and the children, and between the children themselves and between the staff.

Cód Iompair

Is cuid lárnach de Chód Iompair na scoile í riail na Gaeilge. Is trí mhealladh agus moladh a spreagtar na páistí chun í a labhairt, ach tá córas againn chun deighleáil leo siúd nach ndéanann iarracht an méid Gaeilge atá acu a úsáid.

The use of Irish is an integral part of our Code of Conduct. The children are encouraged and rewarded, but there is the provision for sanctions where the code is deliberately or persistently broken.

Obair bhaile / Homework (Féach an Polasaí Obair Bhaile ar-líne/ See Homework Policy on-line)

N. Shóisir:	0 - 10 nóiméid (Léitheoireacht & Fonaicí - ó T.2 ar aghaidh)
N. Shinsir:	0 - 15 nóiméid (Léitheoireacht & Fonaicí)
Rang 1:	15 - 30 nóiméid (Léitheoireacht, táblaí, litriú & 1 rud scríofa/Mata)
Rang 2:	15 - 30 nóiméid (Léitheoireacht, táblaí, litriú, 1 rud scríofa, mata)
Rang 3 & 4:	30 - 45 nóiméid (Léitheoireacht, táblaí, litriú, scríobh & mata)
Rang 5 & 6:	45 - 60 nóiméid (Léitheoireacht, táblaí, litriú, scríobh & mata)

Tugtar obair bhaile ó Luan go Déardaoin. Homework is given from Monday to Thursday.

Muna n-éiríonn le do pháiste an obair bhaile a chríochnú san am atá luaite, cuir stop leis/léi agus cuir scéal chuig an múinteoir ranga.

If your child does not complete his/her homework in the recommended time please stop your child, and let your class teacher know the next day.



Caomhnú Páistí / Child Protection

Tá sé mar dhualgas againn an caighdeán aire is airde a thabhairt dár ndaltaí chun a leasa féin a chothú. Chuige sin leanann an scoil na treoirínte i dtaobh caomhnú páistí atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus tá Ráiteas Caomhnú agus Measúnú Riosca páistí ullmhaithe agus foilsithe ar ár suíomh gréasáin.

Sa chás go bhfuil aon duine buartha faoi rud ar bith a bhaineann le caomhnú páistí ba chóir dóibh labhairt leis an Duine Caidrimh faoi.

Is í Rita Ní Thuathail atá ainmnithe mar Dhuine Caidrimh. Sa chás nach bhfuil sí ar fáil is í Tuala Ní Ógáin atá ainmnithe mar Leas-Dhuine Caidrimh.

We must provide the highest standard of care to our pupils to ensure their safety. In this regard the school follows child protection guidelines as set out by the Department of Education. Our Child Protection Statement and Risk Assessment documents are available on our website. Should anyone have a concern regarding child safety they should talk to the school's designated liaison person.

Rita Ní Thuathail is the Designated Liaison Person. In her absence Tuala Ní Ógáin is the Deputy Designated Liaison Person.

Ailéirge le Cnónna/Síolta Nut & Seed Allergies

Níl cead cnónna, síolta, ná aon bhia ina bhfuil cnónna is síolta mar chomhábhar iontu ar láthair na scoile.

Gaelscoil na gCloch Liath is a nut free zone. Nuts, seeds, or any products containing nuts or seeds are not allowed on the premises.

Lón Sláintiúil / Healthy Lunch

Tá cleachtas lón sláintiúil i bhfeidhm againn anseo i nGaelscoil na gCloch Liath. Molaimid lón sláintiúil le deoch uisce. Ní ceadaítear deochanna súilíneacha. Ar an Aoine, bíonn cead ag na páistí breab beag amháin don lón. Tá tuilleadh eolais inár bPolasaí Lón Sláintiúil.

Here at Gaelscoil na gCloch Liath we encourage the practice of healthy lunches. We recommend a healthy lunch with water as the preferred drink. Fizzy drinks are not permitted. On Fridays the children are permitted to have one small treat with their lunch. For further information, please see our Healthy Lunch Policy.



Leabharlann Ranga & Scoile / School & Classroom Library

Tá leabharlann ranga i ngach seomra ranga, agus tá leabharlann scoile againn freisin. Tá córas ríomhaireachta leabharlainne i bhfeidhm againn sa leabharlann scoile, agus faigheann na daltaí ó R3-6 deis leabhair a bhaint ón leabharlann. Bíonn deis ag gach rang cuairt seachtainiúil thabhairt ar an leabharlann soile. Tá réimse leathan ábhair léitheoireachta i nGaeilge agus i mBéarla againn, agus táimid ag cur le stoc dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu, ar nós na leabhair *Barrington Stoke*.

There is a small class library in each classroom. We also have a school library, equipped with a computerised library system. The children from R3-6 are allowed to borrow books from the school library. All classes have the opportunity to visit the school library on a weekly basis. The school library has a broad selection of books in both Irish and English, and we are also building up a stock of books suitable

for those with reading difficulties, such as the Barrington Stoke books.

Teagmháil idir an Scoil agus an Baile

Cuirtear litreacha, nótaí, is nuacht abhaile go rialta tríd an aip scoile, DataBiz Eolas.

Bíonn cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí go hiondúil i Mí na Samhna.

Cuirtear tuairisc scríofa abhaile faoi gach páiste i Mí an Mheithimh. Iniata leis sin bíonn féilire don scoilbhliain nua, leabhar liosta, bille scoile, agus ainm an mhúinteora a bheidh ag do pháiste sa scoilbhliain nua.

Tá cead ag múinteoir/tuismitheoir cruinniú a long nuair is gá, aon am i rith na bliana. Cuir glaoch nó ríomh-post ar an Oifig scoile chun coinne a shocrú.

Letters/newsletters, messages, and news are regularly sent home through the school app, DataBiz Eolas.

Parent/teacher meetings are held once a year, usually in November.

A written report is sent home in June for each child. With this report you will also receive the new school year calendar, your new book list, and the name of your child's new class teacher.

Parents/teachers can arrange a meeting at any time during the school year, should the need arise. Please ring or e-mail the school office to arrange this.

Ar mhaithe le sábháilteacht, is gá do gach aon chuairoteoir chuig na scoile dul chuig oifig an rúnaí ar dtús. Is cuairteoirí iad tuismitheoirí/caomhnóirí, teaghlaigh, éinne atá ar cuairt chun caint/ceardlann/léitheoireacht a dhéanamh leis an páistí, comhlachtaí agus oifigigh ón Roinn Oideachais agus Feidhmeannach Seirbhísí Sláinte.

In the interest of safety, all visitors to the school must first report to the secretary's office. Visitors include parents/guardians, childminders, family members, anyone visiting for talks/workshops/reading, and officials from the Department of Education & Skills and the HSE.



Scoil Ghlas

Is scoil ghlas í Gaelscoil na gCloch Liath. Bíonn boscaí athchúrsála, boscaí muiríne agus boscaí bruscair in úsáid againn, agus bíonn na páistí ag foghlaim faoi cén chaoi leis an timpeallacht a choinneáil "glas". Moltar do thuismitheoirí clúdaigh is soithí atá inathchúrsáilte a úsáid don lón.

Gaelscoil na gCloch Liath is a green school. We use recycling bins, compost bins and rubbish bins. The children learn about how to keep their environment "green". We encourage you to only use recyclable wrapping and containers for lunches.

Éadaí Scoile / School Uniform

Caitheann na páistí na héadaí bríste nó éadaí pilirín gach lá seachas ar laethanta coirp oideachais. Cuirfear an lá seo in iúl dod' pháiste ag tús na bliana.


The children wear the trouser uniform or the pinafore uniform every day except on PE days. You will be notified of PE days at the beginning of each school year.

Éadaí Bríste:

- Bríste liath
- Bríste gearra liatha sa samhradh
- Léine bán,
- Geansaí v-mhuiníl dúghorm (le suaitheantas),
- Carbhat stríocach,
- Bróga praicticiúla

Trouser Uniform:

- Grey Trousers
- Grey shorts in summer term
- White Shirt
- Navy V-neck Jumper (with crest)
- Striped tie
- Practical shoes



Éadaí Pilirín:

- Pilirín plaid,
- Blús bán (bóna "revere")
- Cairdeagan dúghorm (le suaitheantas)
- Riteoga dúghorm (stocaí rúitíní bána)
- Bróga praicticiúla

Pinafore Uniform:

- Plaid pinafore
- White blouse (revere collar)
- Navy Cardigan (with crest)
- Navy tights (white ankle socks)
- Practical shoes

Éadaí Sciorta (R5-6):

- Sciorta plaid,
- Léine bán
- Geansaí v-mhuiníl dúbhghorm (le suaitheantas)
- Riteoga dúghorm (stocaí rúitíní bána)
- Bróga praicticiúla

Kilt Uniform(R5-6):

- Plaid kilt
- White shirt
- Navy V-neck jumper (with crest)
- Navy tights (white ankle socks)
- Practical shoes

Éadaí Reatha:

- Éadaí reatha dúghorm na scoile(le suaitheantas)
- Bríste gearra dúghorm sa Samhradh
- Bróga reatha

School Tracksuit

- Navy tracksuit (with crest)
- Navy shorts during summer term
- Runners

I dtaobh cothromaíochta de, is féidir leis na daltaí ceachtar den dá rogha a chaitheamh ach ní ghlacfar le meascán éadaí.

In the interest of equality, pupils may wear either the pinafore uniform or the trouser uniform but a mixture of both is not acceptable.

Caitheann na Naíonáin Bheaga na héadaí reatha seachas na héadaí bríste nó éadaí pilirín.

Junior Infants wear the school tracksuit rather than the trouser uniform or pinafore uniform.

Tá na héadaí scoile ar fáil ins an **Schoolwear House**, in ollmhargadh Tesco sna Clocha Liatha.



The school uniform is available from **The Schoolwear House** in the Tesco shopping centre here in Greystones.

Tá cead ag daltaí fáinne cluaise (stud) amháin a chaitheamh i ngach cluas. Níl cead aon seodra eile, seachas uaireadóir, a chaitheamh sa scoil ar bhonn slándála. Is gá do gach páiste a bhfuil gruaige fhada orthu í a cheangailt siar.

Pupils are permitted to wear a single stud earring in each ear. No other jewelry is permitted, except a watch, for safety reasons. All children with long hair must tie their hair up.

Leabhair Scoile

Tá scéim "Leabhar ar Cíos" i bhfeidhm sa scoil, is ní gá duit na téacsleabhair a cheannach. Is gá duit cóipleabhair, pinnluaidhe, pinn srl, a cheannach ó R1 ar aghaidh. Cuirtear bille scoile abhaile i Mí an Mheithimh, bíonn liosta ann de na téacsleabhair a bheidh in úsáid ag an scoil, agus an fearas a bheidh ag teastáil ó do pháiste.

The school operates a book rental scheme, and you do not need to buy any textbooks. You are required to buy copies, pencils, pens, etc, from R1 upwards. The school bill will be sent home in June, and it will list the textbooks that the school will be using, and the items your child will require for the coming year.



An Curaclam Scoile / The School Curriculum

Feidhmíonn an scoil faoi rialacha na Roinne Oideachais & Scileanna do scoileanna náisiúnta. Leanann an scoil Curaclam na Bunscoile, mar atá leagtha amach do Scoileanna Gaeltachta & Gaelscoileanna.

The school operates under the regulations of the Department of Education & Skills for national schools. We follow the Primary School Curriculum, as set out for Gaeltacht Schools & Gaelscoileanna.

Tá 6 chuid den Churaclam Bunscoile, agus iad roinnte ar 11 ábhar.

The Primary Curriculum consists of 6 curriculum areas, and these are further divided into 11 subjects.

1. **Teangacha:** Gaeilge agus Béarla
2. **Matamaitic**
3. **Oideachas Sóisialta, Imshaol & Eolaíocht (OSIE):** Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht
4. **Oideachas Ealaíona:** Ceol, na hAmharcealaíonna, Drámaíocht
5. **Corpoideachas**
6. **Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte (OSPS)**

1. **Languages:** Irish and English
2. **Mathematics**
3. **Social, Environmental & Scientific Education (SESE):** History, Geography & Science
4. **Arts Education:** Music, the Visual Arts, Drama
5. **Physical Education**
6. **Social, Personal & Health Education (SPHE)**

Rialacha Ranga

Class rules

Cuimhnigh / Remember;

.Úsáid focail cneasta

Use kind words

.Bíodh béasaí agam

Have good manners

.Cuidigh le daoine eile


Help others

.Roinn, agus glac sealanna

Share, and take turns

.Coinnigh mo chosa is mo lámha
liom féin

*Keep my hands and feet to my-
self*



Oideachas Caidrimh Ghnéasachta Relationship & Sexuality Education

Is cuid den churaclam OSIE é an tOideachas Caidrimh Ghnéasachta. Déanann OCG iarracht deiseanna athabhairt do pháistí foghlaim faoi ghaolta le daoine eile agus gnéasacht an duine ar bhealaí a chabhraíonn leo smaoineamh agus gníomhú ar bhealach morálach, tuisceanach agus freagrach. Cuirfear leathanach nasc-bhaile abhaile chugaibh nuair atá ceachtanna mothálach á múineadh sa rang. Déanfaidh an litir seo cur síos ar ábhar an cheachta sula múinfear é (Naíonáin Mhóra, R4, R5, agus R6). Más fearrde leat nach bhfreastalódh do pháiste ar an gceacht faoi leith sin, ní mór duit é sin a chur in iúil don mhúintoeir ranga i scríbhinn roimhré.

Relationship & Sexuality Education is part of the SPHE curriculum. RSE aims to provide opportunities for children to learn about relationships and sexuality in ways that help them to think and act in a moral, caring and responsible way. A home-school link page from the curriculum book will be sent home before any sensitive lessons are taught, which will outline the subject of the lesson (Senior Infants, 4th Class, 5th Class and 6th Class). If you wish your child not to attend these RSE lessons, you must inform the school in writing prior to the lessons.

Tinreamh Scoile / School Attendance

Tá sé tábhachtach go mbíonn do pháiste ar scoil in am agus go mbailítear iad in am freisin.

Má bhíonn do pháiste as láthair, is gá duit míniú a thabhairt. Iarrfaidh an aip scoile ort fáth a chlárú.

Má chailleann do pháiste níos mó ná 20 lá in aon bhliain amháin, is gá dúinn an scéal a chur in iúl do Tusla.

Moltar gan páistí a thógáil ón scoil chun dul ar laethanta saoire.

Ní chóir páiste atá tinn a chur ar scoil. Is é polasaí na scoile gan leigheas a riaradh ar aon pháiste sa scoil.

Má athraíonn tú seoladh baile, uimhir gutháin, nó seoladh r-phost i rith na bliana, tá se fíorthábhachtach é sin a chur in iúil don scoil láithreach.

Má bhailíonn tú do pháiste go luath, is gá an páiste a shíniú amach. Ní féidir linn ligint don pháiste imeacht le páiste eile agus muna bhfuil aithne againn ar an duine fásta, ní scaoilfear amach do pháiste (gan nóta uait a rá linn cé atá á b(h)ailiú).



It is important that the children arrive to school and are collected on time.

If your child is absent, the shool app will request you to input a reason.

If your child is absent for more than 20 days in one school year we are obliged to inform Tusla.

We strongly recommend that children are not taken out of school to go on holidays.

A sick child should not be sent to school. It is the policy of the school not to administer medication to any child.

If you change your address, telephone number or e-mail address during the year please inform the school.

If you are collecting your child early from school, you are required to sign the child out at the office. Another child cannot sign your child out. Also we will not release your child to an adult we do not know, unless you have written a note indicating who is collecting your child.

Tá ról ag tuismitheoirí dea-shampla a léiriú, agus dea-nósanna a cur i bhfeidhm maidir le tinreamh agus poncúlacht maith. Moltar gan do pháiste a bhaint ón scoil mura bhfuil gá leis. Tosaíonn an scoil ag 8:30. Osclaítear na geataí clóis ag 8:15 agus bíonn féitheoireacht ar siúl. Iarrtar ar thuismitheoirí gan páistí a chur chuig na scoile roimh 8:15 mar nach mbíonn aon fhéitheoireacht ar bun.

Parents have an important role to play in setting a good example and in laying down good practice for attendance and punctuality. School starts at 8:30am. The school yard will be open and supervised from 8:15am, please do not send your child to school before 8:15, as there is no provision for supervision before this time.

Sláinte & Slándáil/ Health & Safety



Feidhmeannacht na Séirbhíse Sláinte/ HSE

Tagann an banaltra áitiúil chuig na scoile ar son an Bhoird Sláinte chun instealladh a thabhairt do na Naíonáin Bheaga (Boosters). Déanfar scagadh leighis agus fioclóra ar na páistí freisin. Gheobhaidh tú foirm ceadaithe ón FSS tríd an scoil roimh na cuairteanna seo.

The HSE will visit the school in order to provide medical and dental screening for the children. The Junior Infants will also receive their booster immunisations. You will receive consent forms from the HSE through the school prior to these visits.

Leigheas/ Medication

Ní thabharfaidh na múinteoirí nó an rúnaí leigheas do na páistí. Is féidir leis na tuismitheoirí/ caomhnóirí teacht isteach chun an leigheas a thabhairt, más gá. Níor chóir go mbeadh leigheas i málaí na bpáistí. Más féidir leis an bpáiste an leigheas a thógáil leo féin, ba chóir don tuismitheoir/ caomhnóir an leigheas a thabhairt don mhúinteoir (m.sh. ionáilaitheoir).

